Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2026
(OR. en)

9332/26

LIMITE

CORLX 473
CFSP/PESC 701
COEST 373
FIN 684

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin |

**CINNEADH (CBES) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES[1].

(2) Sna conclúidí uaithi an 19 Nollaig 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach an géarcháineadh a rinne sí ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin, ar sárú follasach é ar Chairt na Náisiún Aontaithe, agus d'athdhearbhaigh sí freisin go dtacaíonn sí i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl nach mór leanúint de na hiarrachtaí chun cumas feartha cogaidh na Rúise a shrianadh a thuilleadh. Chuir sí in iúl freisin go bhfuil an tAontas faoi réir i gcónaí chun tuilleadh brú a chur ar an Rúis, lena n-áirítear trí smachtbhannaí breise a ghlacadh.

(3) I bhfianaise an fhogha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, fogha atá ag dul in olcas, agus go háirithe an fheachtais mhíleata bhrúidiúil a bhí ann le déanaí lena ndírítear d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear saoráidí fuinnimh, uisce agus sláinte, arb é is cúis le fulaingt thromchúiseach an phobail shibhialta agus a fhéachann leis an mbonn a bhaint d'athléimneacht na hÚcráine, measann an Chomhairle gur gá bearta sriantacha breise a ghlacadh.

[1] Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

PUBLIC

(4) Measann an Chomhairle gur cheart naonúr agus 46 eintiteas a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

## IARSCRÍBHINN

PUBLIC

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘2048. | Oleg Igorevich FISHELEV | Feidhm: Úinéir LLC Unimatik<br>Dáta breithe: an 18.11. 1986<br>Áit bhreithe: iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>INN: 668501138190 | Is é Oleg Fishelev úinéir LLC Unimatik. Is monaróir, allmhaireoir agus mórdhíoltóir Rúiseach de mheaisíní ríomhrialaithe uimhriúil (RRU), agus de pháirteanna gaolmhara é LLC Unimatik, a sholáthraíonn sé do chuideachtaí cosanta Rúiseacha, agus a bhaineann leas freisin as a fhochuideachta, LLC Unimatik MSK, chun é seo a dhéanamh. I measc eintitis eile, sholáthair Unimatik earraí do JSC “Plant No. 9”, JSC “Uralvagonzavod”, JSC “Almaz-Antey”, agus do JSC “Corporation Tactical Missile Weapons”.<br>Dá bhrí sin, tá Oleg Fishelev ag tacú go hábharach le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. | + |

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2049. | Oleg Nikolaevich YEVTUSHENKO<br>Rúisis: Олег Николаевич ЕВТУШЕНКО | Feidhm: Stiúrthóir Feidhmiúcháin Rostec State Corporation<br>Dáta breithe: an 9.11. 1975<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Oleg Yevtushenko Stiúrthóir Feidhmiúcháin Rostec State Corporation ó 2018 i leith. Is é Rostec an chorparáid cosanta is tábhachtaí sa Rúis, ina gcuimsítear píomhchuideachtaí choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise. Dá bhrí sin, tá Oleg Yevtushenko ag tacú le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. | + |
| 2050. | Pavel NIKITIN | Feidhm: Úinéir Rustakt LLC<br>Eintiteas comhlachaithe: Rustakt LLC | Is Rúiseach é Pavel Nikitin a rugadh sa Bhealarúis agus a bhfuil baint aige le cuideachtaí iomadúla a chóimeálann aerárthaí gan foireann le haghaidh úsáid mhíleata do choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. Is é úinéir Rustakt LLC é, a allmhairíonn comhpháirteanna le haghaidh aerárthaí gan foireann agus a chóimeálann aerárthaí gan foireann. Ina theannta sin, tá baint aige leis an gcuideachta Santext LLC, a allmhairíonn aerárthaí gan foireann chuig an mBealarúis lena n-athonnmhairiú chuig an Rúis. Dá bhrí sin, tá Pavel Nikitin ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i dtáirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2051. | Aleksei Lvovich RAKHMANOV<br>Rúisis: Алексей Львович РАХМАНОВ | Feidhm: Comhalta de Bureau of the League for Assistance to Defence Enterprises, comhairleoir d'Ard-Stiúrthóir Rostec State Corporation, Comhalta agus Ard-Stiúrthóir de Bhord Stiúrthóirí United Shipbuilding Corporation<br>Dáta breithe: an 18.7. 1964<br>Áit bhreithe: Gorky (Nizhny Novgorod), APSS (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Cárta Aitheantais Cánach Náisiúnta: 525900723537<br>Eintitis chomhlachaithe: JSC United Shipbuilding Corporation; League for Assistance to Defence Enterprises | Tá Aleksei Rakhmanov ina chomhalta freisin den League for Assistance to Defence Enterprises, eagraíocht Rúiseach a bhíonn ag díriú, i measc nithe eile, ar thionscal míleata na Rúise a fhorbairt agus a nuachóiriú.<br>Ó 2023 i leith, tá Aleksei Rakhmanov ina chomhairleoir freisin d'Ard-Stiúrthóir Rostec State Corporation, cuideachta atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais agus ina phríomh-mhonaróir arm Rúiseach agus príomhsholáthróir arm Rúiseach d'fhórsaí armtha na Rúise.<br>Is comhalta é freisin de Bhord stiúrthóirí agus iar-Ard-Stiúrthóir United Shipbuilding Corporation, eintiteas atá faoi réir bhearta sriantacha an Aontais agus ilchuideachta longthógála Rúiseach atá faoi úinéireacht an Stáit, ar soláthraí long cogaidh míleata é do Chabhlach na Rúise.<br>Dá bhrí sin, tá Aleksei Rakhmanov ag tacú go hábhartha le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

PUBLIC

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2052. | Bekhan Ibrahimovich OZDOYEV<br>Rúisis: Бекхан Ибрагимович ОЗДОЕВ | Feidhm: Stiúrthóir tionsclaíoch an Conventional Arms, Ammunition, and Special Chemicals Complex of the Rostec State Corporation; Comhalta den Bureau of the League for Assistance to Defense Enterprises; Comhalta de Bhord Stiúrthóirí JSC Uralvagonzavod Concern; Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí JSC Shvabe; Comhalta de Bhord Stiúrthóirí JSC High-Precision Systems Research and Production Association; Comhalta de Bhord Stiúrthóirí JSC Spetskhimiya; Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí JSC NPK Tekhmash; Cathaoirleach bhord stiúrthóirí JSC Izhevsk Mechanical Plant; Comhalta de Bhord Stiúrthóirí JSC Kalashnikov Concern; Comhalta de Bhord Stiúrthóirí JSC KBAL. | Is Stiúrthóir Tionsclaíoch an Conventional Arms, Ammunition, and Special Chemicals Complex of the Rostec State Corporation é Bekhan Ozdoyev. Is é Rostec an príomh-mhonaróir arm Rúiseach agus an príomhsholáthróir arm Rúiseach d'fhórsaí armtha na Rúise.<br>Tá Bekhan Ozdoyev ina chomhalta freisin de Bhord Stiúrthóirí roinnt cuideachtaí atá mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise agus atá iad féin faoi réir bhearta sriantacha an Aontais, mar shampla JSC Uralvagonzavod Concern, JSC Shvabe agus cuideachtaí eile.<br>Tá Bekhan Ozdoyev ina chomhalta freisin den Bureau of the League for Assistance to Defence Enterprises, eagraíocht Rúiseach a bhíonn ag díriú ar thionscal míleata na Rúise a fhorbairt agus a nuachóiriú.<br>Dá bhrí sin, tá Bekhan Ozdoyev ag tacú go hábhartha le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise, lena n-áirítear trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | Dáta breithe: 28.9.1972<br>Áit bhreithe: Ordzhonikidzevskaya (Sunzha), Sunzhensky District, Chechen-Ingush ASSR, (Cónaidhm na Rúise anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | | |

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2053 | Vasiliy Nikolaevich TIKMENOV<br>Rúisis: Василий Николаевич ТИКМЕНОВ | Feidhm: Fear gnó<br>Ceann na Cuideachta Comhstoic “Scientific and Technical Center Elins”<br>Dáta breithe: 6.10.1950<br>Áit bhreithe: Village of Illich, Pakhtaaral region, Syrdar region, APSS (an Úisbéiceastáin anois)<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann | Is é Vasiliy Tikmenov ceann ar Joint Stock Company Scientific and Technical Center Elins (“JSC ‘STC Elins’”), ar dlúthchuid é de choimpléasc míleata-tionsclaíoch Chónaidhm na Rúise. Táirgeann JSC “STC Elins” airm agus armlón, tá sé rannpháirteach i dtáirgeadh comhpháirteanna leictreonacha agus clár ciorcad leictreonach, monaraíonn sé ríomhairí, trealamh tarchuir raidió agus teilifíse, ionstraimí agus gairis le haghaidh tomhais, tástála agus loingseoireachta, sreanga agus cáblaí le haghaidh trealamh leictreonach agus leictreach, forbraíonn sé bogearraí ríomhaireachta agus soláthraíonn sé taighde agus forbairt i réimse na n-eolaíochtaí nádúrtha agus teicniúla etc. Dá bhrí sin, tá ról suntasach ag JSC “STC Elins” i gcomhlíonadh oird chosanta stáit in ionradh na Rúise ar an Úcráin.<br>Dá bhrí sin, ina cháil mar cheann JSC “STC Elins”, tá Vasiliy Tikmenov ag tacú le coimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Rúise. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2054. | Maxim Sergeevich VAKSTEIN<br>ar a dtugtar freisin Maxim WAKSTEIN<br>Rúisis: Максим Сергеевич ВАКШТЕЙН | Feidhm: Ard-Stiúrthóir an Foundation for Advanced Studies<br>Dáta breithe: 26.8.1980<br>Náisiúntacht: Rúiseach<br>Inscne: fireann<br>Uimhir aitheantais chánach: 672700855501<br>Eintiteas comhlachaithe: Foundation for Advanced Studies | Is é Maxim Vakstein Ard-Stiúrthóir an Foundation for Advanced Studies. Bhunaigh Rialtas Chónaidhm na Rúise an Foundation for Advanced Studies chun taighde agus forbairt armán agus trealaimh a chur chun cinn agus a mhaoiniú chun tacú le Fórsaí Armtha na Rúise agus leis an earnáil táirgthe mhíleata. Tá roinnt tionscadal maoinithe ag an Foundation for Advanced Studies chun ardchórais gan foireann a fhorbairt chun críoch míleata.<br>Dá bhrí sin, tá Maxim Vakstein ag tacú le rialtas Chónaidhm na Rúise, atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. Tá sé ag tacú freisin le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Rúise. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.



PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2055. | Tahir GARAYEV<br>ar a dtugtar freisin Takhir Harayev | Feidhm: Bunaitheoir Coral Energy (2Rivers Group, ina dhiaidh sin)<br>Dáta breithe: Eanáir 1980<br>Náisiúntacht: Asarbaiseánis<br>Inscne: fireann<br>Seoladh: 7 Rue De l'Arquebuse, an Ghinéiv, an Eilvéis | Bunaitheoir Coral Energy (2Rivers Group, ina dhiaidh sin). Trí líonra cuideachtaí, cumasaíonn sé lastais agus onnmhairiú ola ón Rúis, go háirithe ó Rosneft, trí thionscnamh iarbhír na hola a cheilt. Go háirithe, rialaíonn agus úsáideann an líonra 2Rivers cuid mhór de na soithí i 'scáthchabhlach' na Rúise, mar a ghairtear de.<br>Dá bhrí sin, tá Tahir Garayev ag cur bac suntasach ar fhorálacha Chinneadh 2014/512/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Tá sé rannpháirteach freisin in earnálacha eacnamaíocha ar foinse shuntasach ioncaim iad do rialtas Chónaidhm na Rúise, arb é atá freagrach as ionghabháil na Crimé agus as díchobhsú na hÚcráine. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 2056. | Konstantin Valerievych ROGACH<br>ar a dtugtar freisin Konstantin Valerievich ROGACH<br>ar a dtugtar freisin Konstantin Valerijevič ROGAČ<br>Rúisis: Константин Валериевич РОГАЧ | Feidhm: Bróicéir árachais mhuirí; comhpháirtí sa chuideachta 'Maritime Risk Management'<br>Dáta breithe: 13.10.1979<br>Náisiúntacht: Rúiseach; Iosraelach<br>Inscne: fireann<br>Pasuimhreacha Rúiseacha: 767782168; 765305838<br>Pasuimhir Iosraelach: 37456882 | Is bróicéir árachais mhuirí é Konstantin Rogach agus comhpháirtí sa chuideachta 'Bainistíocht Riosca Muirí'. D'éascaigh sé cumhdach árachais agus chuir sé comhairleoireacht riaracháin ar fáil a chuaigh chun leasa na soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis agus cleachtais loingseoireachta neamhrialta ardriosca á ndéanamh acu, agus ar mhaithe le cuideachtaí a bhfuil naisc acu le, 'scáthchabhlach' na Rúise, mar a ghairtear de. D'úsáid sé líonra cuideachtaí caocha a fheidhmíonn mar ghníomhairí íocaíochta chun an ghníomhaíocht sin a fhorcheilt.<br>Dá bhrí sin, tacaíonn Konstantin Rogach go hábhartha le hoibríochtaí soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam, ar de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis iad, agus a ghabhann do ghnásannaloingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | +'; |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

Eintitis

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| ‘775. | Limited Liability Company “Dilmas”<br>Rúisis: OOO ‘ДИЛМАС’ | Seoladh: Nakhodka a/ya 46, Nakhodka, 692926, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 5545171<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é Limited Liability Company “Dilmas” atá lonnaithe sa Rúis agus is é oibreoir tráchtála na soithí Nord, Geliodor agus Amazonit é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d’aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, tá Limited Liability Company ‘Dilmas’ ag oibriú soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairítear ón Rúis, agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 776. | Limited Liability Company "KORD COMPANY" | Seoladh: Tralovaya street 17, Murmansk, 183001, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 5705072<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é Limited Liability Company "KORD COMPANY" atá lonnaithe sa Rúis. Is é oibreoir tráchtála na soithí Kord Wind, Kord Arctic agus Kord é, agus is é úinéir an tsoithigh Kord Atlantic é freisin. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus déanann siad ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríochs an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, tá soithí faoi úinéireacht nó á n-oibriú ag Limited Liability Company "KORD COMPANY" a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis, agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 777. | Limited Liability Company "Lukoil-Marinbunker" | Seoladh: Lit A, Naberezhnaya Aptekarskaya 8, Cathair Pheadair, 197022, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 6132673<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é Limited Liability Company "Lukoil-Marinbunker" atá lonnaithe sa Rúis agus is é oibreoir tráchtála na soithí Aginskoye, G. Rossini agus G. Puccini é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, tá Limited Liability Company "Lukoil-Marinbunker" ag oibriú soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam nó a onnmhairítear ón Rúis, agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 778. | Limited Liability Company "MORSKOY STANDARD" | Seoladh: Oifig 206, Sráid Vladivostokskaya 37, Petropavlovsk-Kamchatskiy, 683024, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 5371527<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é Limited Liability Company "MORSKOY STANDARD" atá lonnaithe sa Rúis agus is é oibreoir tráchtála na soithí Protey, Peley agus Akhilles é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, tá Limited Liability Company "MORSKOY STANDARD" ag oibriú soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis, agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 779. | Moonstone Maritime Corporation | Seoladh: 80 Broad Street, Monrovia, an Libéir<br>Príomháit ghnó: An Libéir | Is cuideachta loingseoireachta é Moonstone Maritime Corporation atá lonnaithe sa Libéir agus is é oibreoir tráchtála na soithí Sikar, Samira, Eminent agus Canara é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, tá Moonstone Maritime Corporation ag oibriú soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 780. | Trans KA Tankers Management Company Limited | Seoladh: Daire 57, Denizciler Is Merkezi, Sahil Bulvari No.126, Aydıntepe Mah, Tuzla, Iostanbúl, 34947, an Tuirc<br>Uimhir IMO: 1509747<br>Príomháit ghnó: an Tuirc | Is cuideachta loingseoireachta é Trans KA Tankers Management Company Limited atá lonnaithe sa Tuirc agus is é oibreoir tráchtála na soithí Haci Kemal Ka, Lycia Ka agus Summer é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus déanann siad ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, tá Trans KA Tankers Management Company Limited ag oibriú soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 781. | Alacritas Shipping FZE | Seoladh: Office E-41F-44, P1-ELOB, Hamriyah Free Zone, Sharjah, 0044101, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha<br>Uimhir IMO: 0044101<br>Príomháit ghnó: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | Is cuideachta loingseoireachta é Alacritas Shipping FZE atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Everdine agus Charminar é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn Alacritas Shipping FZE soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam nó a onnmhairítear ón Rúis, agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 782. | Albatross Shipmanagement LLC-FZ | Seoladh: 6th Floor, Meydan Grandstand, Al Meydan Road, Nad Al Sheba, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha<br>Uimhir IMO: 0156598<br>Príomháit ghnó: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | Is cuideachta loingseoireachta é Albatros Shipmanagement LLC-FZ atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus is é bainisteoir teicniúil na soithí Zaliv Aniva, Zaliv Baikal agus Zaliv Vostok é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus déanann siad ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn Albatross Shipmanagement LLC-FZ soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 783. | Dreamer Shipmanagement LLC-FZ | Seoladh: 6th Floor, Meydan Grandstand, Al Meydan Road, Nad Al Sheba, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha<br>Uimhir IMO: 0032244<br>Príomháit ghnó: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | Is cuideachta loingseoireachta é Dreamer Shipmanagement LLC-FZ atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Level, Celt agus Camel é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus déanann siad ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn Dreamer Shipmanagement LLC-FZ soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

PUBLIC

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 784. | East Gemi İşletmeciliği AS | Seoladh: Ic Kapi 111, A Blok, Hukukcular Towers, Mustafa Kemal Caddesi 66A, Cevizli Mah, Kartal, Iostanbúl, 34865, an Tuirc<br>Uimhir IMO: 0026325<br>Príomháit ghnó: an Tuirc | Is cuideachta loingseoireachta é East Gemi İşletmeciliği AS atá lonnaithe sa Tuirc agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Azure, Jasper agus Storm Pearl é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn East Gemi İşletmeciliği AS soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 785. | EMT Gemi İşletmeciliği AS | Seoladh: Yesilkoy Halkali Caddesi 93/2, Senlikkoy Mah, Bakirkoy, Iostanbúl, 34153,<br>Uimhir IMO: 0115002<br>Príomháit ghnó: an Tuirc | Is cuideachta loingseoireachta é EMT Gemi İşletmeciliği AS atá lonnaithe sa Tuirc agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Quartz, South Star agus Opal é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn EMT Gemi İşletmeciliği AS soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 786. | ESEA Venture Shipping Management LLC | Seoladh: Office 1401, Prism Tower 139, Al Mustaqbal Street, Business Bay, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha<br>Uimhir IMO: 6472902<br>Príomháit ghnó: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | Is cuideachta loingseoireachta é ESEA Venture Shipping Management LLC atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Wind, Dacar agus Eridan é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d’aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn EMT Gemi Isletmeciligi AS soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam nó a onnmhairítear ón Rúis, agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

PUBLIC

\+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 787. | Limited Liability Company "GAZPROMNEFT SHIPPING" | Seoladh: Lit 0, Gapsalskaya street 1, Cathair Pheadair, 198035, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 5438351<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é Limited Liability Company "GAZPROMNEFT SHIPPING" atá lonnaithe sa Rúis agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Omsk, Olanga agus Murmansk é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn Limited Liability Company "GAZPROMNEFT SHIPPING" soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 778. | 'Global Ship Solutions' LLC | Seoladh: Apartment 28, Building 5, Estate 4, Sumqayit, 5000, Poblacht na hAsarbaiseáine<br>Uimhir IMO: 0025707<br>Príomháit ghnó: Poblacht na hAsarbaiseáine | Is cuideachta loingseoireachta é 'Global Ship Solutions' LLC atá lonnaithe i bPoblacht na hAsarbaiseáine agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Fulger, Deneb agus Odune é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus déanann siad ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn 'Global Ship Solutions' LLC soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam nó a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 789. | Glory Shipping HK Limited | Seoladh: Unit 601, 6th Floor, LT Tower, 31, Chong Yip Street, Kwun Tong, Kowloon, Hong Cong<br>Uimhir IMO: 0082952<br>Príomháit ghnó: Hong Cong | Is cuideachta loingseoireachta é Glory Shipping HK Limited atá lonnaithe i Hong Cong agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Sikar, Samira, Eminent agus Canara é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn 'Global Ship Solutions' LLC soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam nó a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 790. | Limited Liability Company "KONTUR SPB"<br>Rúisis: Общество с Ограниченной Ответственностью<br>'КОНТУР СПБ' | Seoladh: Zastavskaya 33 street, Cathair Pheadair, 196034, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 1991146<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é Limited Liability Company "KONTUR SPB" atá lonnaithe sa Rúis agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Odin, Kapitan Shiryaev agus Valeriy Zelenko é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn Limited Liability Company "KONTUR SPB" soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis, agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 791. | Limited Liability Company "Kord-Bunker" | Seoladh: Polyarnyye Zori street 21/3, Murmansk, 183025, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 5793484<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é Limited Liability Company "Kord-Bunker" atá lonnaithe sa Rúis. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Kord Wind, Kord Arctic agus Kord é, agus is é bainisteoir loinge agus bainisteoir ISM Kord Atlantic é freisin. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus déanann siad ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn Limited Liability Company "Kord-Bunker" soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 792. | LLC Morskoy Standart-Bunker | Seoladh: Room 1, Toporkova street 9/6, Petropavlovsk-Kamchatskiy, 683031, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 5901309<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é LLC Morskoy Standart-Bunker atá lonnaithe sa Rúis agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Protey, Peley agus Arno Babajanyan é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus déanann siad ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn LLC Morskoy Standart-Bunker soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

PUBLIC

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 793. | OOO Sea Engineering Limited<br><br>ar a dtugtar freisin OOO 'Si Inzhenering' | Seoladh: K.2.a, Tsiolkovskogo street 9, Cathair Pheadair, 190020, Cónaidhm na Rúise (ceanncheathrúna); Office 311, Liter A, Fokina street 5, Cathair Pheadair, 194044, Cónaidhm na Rúise (oifig)<br><br>Uimhir IMO: 5103516<br><br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é OOO Sea Engineering Limited atá lonnaithe i gCathair Pheadair agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Nimbus SPB, G. Rossini agus G. Puccini é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bhí siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhí amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn OOO Sea Engineering Limited soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta IAD. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 794. | Orchid Shipmanagement LLC-FZ | Seoladh: 6th Floor, Meydan Grandstand, Al Meydan Road, Nad Al Sheba, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha<br>Uimhir IMO: 0013015<br>Príomháit ghnó: Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha | Is cuideachta loingseoireachta é Orchid Shipmanagement LLC-FZ atá lonnaithe in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Talisman, Proxima agus Rathúnas é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn Orchid Shipmanagement LLC-FZ soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 795. | Transbunker-Novo Company Limited | Seoladh: Office 147, Svobody street 1, P O Box 129 Glavpochtampt, Novorossiysk, 353900, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir IMO: 5183861<br>Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise | Is cuideachta loingseoireachta é Transbunker-Novo Company Limited atá lonnaithe sa Rúis agus arb é an soláthar tacaíochtaí teicniúla a speisialtacht. Is é bainisteoir teicniúil na soithí Ulika agus na tancaeir bhuncaeireachta Transbunker agus Korsakov é. Níl árachas dliteanais leordhóthanach ag na soithí sin agus bíonn siad ag gabháil d'aistrithe ó long go long agus ag déanamh ionramháil ar Chórais Aitheantais Uathoibríocha an tráth céanna a bhíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis á n-iompar acu. Dá bhrí sin, bainistíonn Transbunker-Novo Company Limited soithí a iompraíonn amhola nó táirgí peitriliam a onnmhairítear ón Rúis agus a ghabhann do ghnásanna loingseoireachta neamhrialta ardriosca, mar a leagtar amach i rún A.1192(33) ó Chomhthionól Ginearálta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta iad. | + |

+ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta foilsithe an Chinnidh seo.

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
